Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 16 Deireadh Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**12815/17**

**COHOM 107**
**CFSP/PESC 839**
**COSCE 8**
**FREMP 104**
**INF 178**
**JAI 869**
**RELEX 817**
**DEVGEN 213**
**CONUN 223**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Deireadh Fómhair 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12515/17 COHOM 101 CFSP/PESC 815 COSCE 7 FREMP 98 INF 167 JAI 823 RELEX 786 DEVGEN 203 CONUN 217 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an Athbhreithniú Meántéarma ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas<br>- Conclúidí ón gComhairle (16 Deireadh Fómhair 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle faoin Athbhreithniú Meántéarma ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, a ghlac an Chomhairle ag an 3566ú cruinniú dá cuid ar an 16 Deireadh Fómhair 2017.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE FAOIN ATHBHREITHNIÚ MEÁNTÉARMA AR AN bPLEAN GNÍOMHAÍOCHTA MAIDIR LE CEARTA AN DUINE AGUS LEIS AN DAONLATHAS

**(An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 16 Deireadh Fómhair 2017)**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle gur foilsíodh an tAthbhreithniú Meántéarma ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2015-2019 agus an dul chun cinn atá déanta ag an Aontas Eorpach i roinnt mhaith réimsí den Phlean Gníomhaíochta sin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta go láidir do Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas a chur chun feidhme, agus é ina dhlúthchuid den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála, go háirithe trí Phlean Gníomhaíochta an Aontais a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach.

2. Ar na saolta dúshlánacha seo, tráth a bhfuil an staid dhomhanda ag dul i bhfeabhas i roinnt tíortha agus ag dul ar chúl i dtíortha eile ó thaobh urraim do chearta an duine, do shaoirsí bunúsacha agus do phrionsabail dhaonlathacha de, an smacht reachta san áireamh, tá gníomhaíochtaí curtha chun cinn ag an Aontas in imeacht na mblianta agus ar bhonn seasmhach ar gníomhaíochtaí iad a thacaíonn le cearta an duine agus leis an daonlathas.

3. Bhain tábhacht ar leith leis an bPlean Gníomhaíochta chun cur chuige ní ba chomhtháite a chothú agus a chur i gcrích maidir le cearta an duine a phríomhshruthú san uile réimse de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Lean an tAontas de bheith i mbun gníomh le comhpháirtithe idirnáisiúnta, leis na Náisiúin Aontaithe, le heagraíochtaí réigiúnacha agus leis an tsochaí shibhialta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sé bunriachtanach, sa chomhthéacs dúshlánach idirnáisiúnta seo, ceannaireacht agus aontacht a léiriú agus comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a léiriú i ngníomhaíocht an Aontais, go háirithe i bhfóraim iltaobhacha.

4. Le beartas an Aontais maidir le cearta an duine agus an daonlathas i réimse na gníomhaíochta seachtraí, díríodh de réir a chéile ar ghníomhaithe tríú tír agus ar chomhlachtaí réigiúnacha a chumasú, ar bhorradh a chur faoina n-úinéireacht agus faoin teacht aniar atá iontu, mar a luaitear i Straitéis Dhomhanda an Aontais, agus ar mhúnla lena dtugtar de chumhacht do dhaoine aonair a gcearta a thuiscint. Is deontóir suntasach i réimse chearta an duine é an tAontas; Tá an clár tacaíochta do chosantóirí chearta an duine is mó ar domhan aige agus ó 2015 i leith tá tuilleadh forbartha déanta aige ar a chuid iarrachtaí nithiúla chun aghaidh a thabhairt ar an gcúngú atá á dhéanamh ar spás na sochaí sibhialta. Tá ról tábhachtach aige maidir le forbairt a dhéanamh ar institiúidí náisiúnta chearta an duine agus ag cuidiú leo maoiniú a fháil.

5. Lena mhisin breathnóireachta toghchán agus le cúnamh toghcháin, tá an tAontas ar thús cadhnaíochta i gcónaí ag tacú le toghcháin atá cuimsitheach, trédhearcach agus inchreidte, agus ag tacú le bunchlocha an iolrachais dhaonlathaigh amhail saoirse cainte agus tuairimíochta agus saoirse comhlachais agus comhthionóil. Faoin am seo, is dlúthchuid dár n-iarrachtaí próisis chuimsitheacha pholaitiúla a chur chun cinn an tacaíocht a thugaimid do na parlaimintí, do na páirtithe polaitiúla, don tsochaí shibhialta agus do na meáin.

6. Is modheolaíocht ríthábhachtach an cur chuige ceartabhunaithe atá againn maidir leis an bhforbairt chun a áirithiú go ndéanfar creat idirnáisiúnta chearta an duine a urramú agus a chur chun cinn i réimse an chomhair don fhorbairt. Tá méadú ar chomhordú agus dea-ailíniú ionstraimí an Aontais, go háirithe i gcás idirphlé agus treoirlínte maidir le cearta an duine agus i gcás straitéisí tíre maidir le cearta an duine agus leis an daonlathas. Leis na hionstraimí sin, déantar obair na Náisiún Aontaithe agus na sásraí réigiúnacha, lena n-áirítear rapóirtéirí agus ionadaithe speisialta na Náisiún Aontaithe, a chomhlánú freisin.

7. Lean an tAontas d'uilechoitinne agus de dhodhealaitheacht chearta uile an duine a chur chun cinn agus a chosaint. I gcroílár an Phlean Gníomhaíochta tá prionsabail amhail neamh-idirdhealú, dínit an duine, an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus cearta an linbh. Méadaíodh freisin ar iarrachtaí an Aontais chun cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh oibre chun daoine atá i gcás leochaileach a chur chun cinn agus a chosaint agus chun cur i gcoinne aon idirdhealaithe ar bhonn ar bith amhail idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, ar chine, ar dhath, ar thionscnamh eitneach nó sóisialta, ar thréithe géiniteacha, ar theanga, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar thuairim pholaitiúil nó ar aon tuairim eile, ar bhallraíocht de mhionlach náisiúnta, ar mhaoin, ar bhreith, ar mhíchumas, ar aois, nó ar chlaonadh gnéasach.

8. Tréaslaíonn an Chomhairle an obair mhór atá déanta acu sa réimse seo leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, le hIonadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Chearta an Duine, leis an gCoimisiún Eorpach agus le Parlaimint na hEorpa agus molann sí rannchuidiú gníomhach Bhallstáit an Aontais maidir le gealltanais an Phlean Gníomhaíochta a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle an rannpháirtíocht agus an tacaíocht ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun an Plean Gníomhaíochta a thabhairt chun cinn.

9. Ós rud é go leanfar den chur chun feidhme isteach sa bhliain 2019, iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe uile leanúint dá rannchuidiú chun tuilleadh torthaí a bhaint amach. Leanfaidh an tAontas den obair chun an mheastóireacht a dhéantar ar an tionchar a bhíonn ag a chuid gníomhaíochtaí ar chearta an duine, mar aon leis an gcumarsáid a dhéanann sé, a fheabhsú tuilleadh. Tá tosaíocht lárnach i mbeartas eachtrach agus slándála an Aontais ag cur chun cinn agus cosaint chearta an duine, an daonlathais agus an smacht reachta i gcónaí agus is amhlaidh a bheidh i ndiaidh 2019 freisin.